# Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh faoi Vóta 41 sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 maidir le soláthar seirbhísí áirithe i ndáil le leanaí agus gnóthaí óige, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha agus deontais i gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Ar an 4 Meitheamh 2011, aistríodh feidhmeanna an Vóta i gcomhair Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus aistarraingíodh an Vóta seo.

Is é atá i gceist leis na figiúirí toraidh ná caiteachas go 2 Meitheamh 2011.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialáil inmheánach airgeadais a chuirtear i bhfeidhm in Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Michael Scanlan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
31 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 41: Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte i leith Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Méan Fomhair 2012

# Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar sna meastacháin | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí cúram leanaí** | | | | |
| A. | Íocaíocht Luathchúram Leanaí | — | — | 10,950 |
| **Cláir um chúram leanaí** | | | | |
| B. | An Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí | 57,024 | 57,024 | 97,369 |
| C. | Clár Luath-Idirghabhála do Leanaí (páirtchistithe ag ciste na gcuntas díomhaoin) | 749 | 749 | 2,966 |
| D. | Scéim bliana réamhscoile ECCE | 85,920 | 85,920 | 153,542 |
| **An Straitéis Náisiúnta Leanaí** | | | | |
| E. | An Straitéis Náisiúnta Leanaí - Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile | 9,353 | 9,353 | 23,783 |
| **Gnóthaí Óige** | | | | |
| F. | Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige | 4,303 | 4,303 | 8,000 |
| G. | Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 16,494 | 16,493 | 38,599 |
| **Seirbhísí Eile** | | | | |
| H. | Costas i ndáil leis an reifreann bunreachtúil a reáchtáil ar chearta leanaí | — | — | — |
| | **Ollchaiteachas** | **173,843** | **173,842** | **335,209** |
| | **Bain de :** | | | |
| I | **Leithreasaí-i-gcabhair** | — | — | **2,966** |
| | **Glanchaiteachas** | **173,843** | **173,842** | **332,243** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€846** | **€19,025,384** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán [1] | | — | — |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 173,842 | 335,209 |
| **Ollchaiteachas** | | 173,842 | 335,209 |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | — | 2,966 |
| **Glanchaiteachas** | | 173,842 | 332,243 |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | — | | |
| Dímheas | — | | |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 503 | | |
| Méadú ar an stoc | — | | |
| | | 503 | (6,398) |
| **Caiteachas díreach** | | 174,345 | 325,845 |
| | | | |
| **Costas oibriúcháin iomlán** | | **174,345** | **325,845** |

**Tabhair faoi deara:** [1]Clúdaítear costais riaracháin na hOifige seo in 2011, lena n-áirítear costais chóiríochta, ó Vóta na Roinne Sláinte agus Vóta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | | — | — |
| | | — | — |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 111 | 27 |
| Réamhíocaíochtaí | | — | 483 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | — | 157 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **111** | **667** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | — | 135 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | — | 20 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 111 | 9 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **111** | **164** |
| **Glansócmhainní reatha / (dliteanais)** | | — | **503** |
| **Glansócmhainní / (dliteanais)** | | — | **503** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe Stáit** | | — | **503** |

### 2.1 Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla

Léirítear na sócmhainní caipitiúla i gCuntas Leithreasa na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

### 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | 111 | 57 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | (30) |
| | 111 | 27 |

### 2.3 Iarmhéideanna Dochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Míreanna dochair fionraí eile | — | 2 |
| Ró-íocaíochtaí ar scéim réamhscoile ECCE | — | 155 |
| | — | 157 |

## 2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | — | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | — | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | — | 17 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 3 |
| Pinsin | — | — |
| | — | 20 |

## 2.5 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 1 | 19,025 |
| Deontas ón Státchiste rótharraingthe | 110 | (19,016) |
| Glandliteanas don Státchiste | 111 | 9 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 2 |
| Banc agus airgead tirim | 111 | 27 |
| | 111 | 29 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | — | (20) |
| | — | (20) |
| | 111 | 9 |

## 2.6 Ceangaltais Iomlána

| amhail an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta dá éis maidir le: | | |
| Fotheidil soláthair | — | 29,333 |
| Fotheidil deontas | — | 19,797 |
| Ceangaltais iomlána | — | 49,130 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó, agus breis is 5% níos mó, ná an tsuim a soláthraíodh. Níor shásaigh aon toradh ar an Vóta seo na critéir sin in 2011.

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais an AE | — | — | — |
| 2. Cistiú ó Chuntais Díomhaoine | — | — | 2,966 |
| **Iomlán** | — | — | 2,966 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Tugtar cuntas ar chostais foirne agus phá i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an vóta sa chuntas leithreasa i gcomhair Vóta 43: Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fotheideal | Cur síos | 2011 Meastachán €000 | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **G.** | Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachais eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 16,494 | 16,493 | 38,599 |

Tugtar liosta d'fhaighteoirí an chistithe agus de na suimeanna a íocadh ar láithreán Gréasáin na hOifige 'www.dcya.gov.ie'.

### 6.2 Seirbhísí gníomhaireachta

Cuireann Pobal na seirbhísí gníomhaireachta ar fáil don Oifig seo maidir le seirbhísí a cuireadh chun dochair Fotheideal B agus Fotheideal D.